C/2026/2937

27.5.2026

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Bealtaine 2026

lena gceaptar comhalta den Bhord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach

(C/2026/2937)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 235/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Bord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach [1], agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh uaithi an 19 Nollaig 2019 [2], cheap an Chomhairle Priit POTISEPP ina chomhalta den Bhord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach ('an Bord') ar feadh téarma oifige 3 bliana.

(2) Le Cinneadh uaithi an 14 Feabhra 2023 [3], rinne an Chomhairle téarma oifige Priit Potisepp a athnuachan. Chuaigh an dara téarma oifige in éag an 22 Nollaig 2025, agus ní féidir é a athnuachan.

(3) Is gá, dá bhrí sin, comhalta nua den Bhord a cheapadh ar bhonn práinne.

(4) Luaitear in Airteagal 3(2) de Chinneadh Uimh. 235/2008/CE go roghnófar comhaltaí an Bhoird as measc saineolaithe a mbeidh sár-inniúlacht acu i réimse an staidrimh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Joakim STYMNE ina chomhalta, thar ceann na Comhairle, den Bhord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach do théarma oifige 3 bliana.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Bealtaine 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. DAMIANOS

[1] IO L 73, 15.3.2008, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/235/oj.

[2] Cinneadh ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena gceaptar comhalta den Bhord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach (IO C 428, 20.12.2019, lch. 5).

[3] Cinneadh ón gComhairle an 14 Feabhra 2023 lena gceaptar comhalta den Bhord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach (IO C 57, 16.2.2023, lch. 2).